Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13932/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0351(NLE)**

**JAI 1399
COPEN 371
EPPO 6
FIN 1166
GAF 24**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 565 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696, a mhéid a bhaineann le físchomhdháil a úsáid chun iarrthóirí a chur faoi agallamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 565 final.

Faoi iamh: COM(2022) 565 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2022
COM(2022) 565 final

2022/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696, a mhéid a bhaineann le físchomhdháil a úsáid chun iarrthóirí a chur faoi agallamh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), glacadh é an 12 Deireadh Fómhair 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Samhain 2017[1]. Ghlac OIPE air féin na cúraimí imscrúdúcháin agus ionchúisimh a tugadh dó leis an Rialachán sin an 1 Meitheamh 2021. Cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371[2] agus arna gcinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE freagrach as déantóirí na gcionta coiriúla sin agus as a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/1939, is in Oifig Lárnach OIPE a oibríonn an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na hIonchúisitheoirí Eorpacha agus daoine eile nach iad.

Le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2017/1939 rialáiltear ceapadh agus dífhostú an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh, ar de chomhthoil Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a cheaptar é. I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, is ar ghlao oscailte ar iarrthóirí a bhunaítear an roghnú, agus ina dhiaidh sin tiomsaíonn painéal roghnúcháin gearrliosta d'iarrthóirí cáilithe atá le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 freisin go mbunóidh an Chomhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin ar thogra ón gCoimisiún.

Le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1939, rialáiltear ceapadh agus dífhostú na nIonchúisitheoirí Eorpacha. Ina chéad mhír, ceanglaítear ar gach Ballstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le OIPE a bhunú triúr iarrthóirí a ainmniú a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach inti. Foráiltear le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939 go roghnóidh agus go gceapfaidh an Chomhairle duine de na hiarrthóirí le bheith ina Ionchúisitheoir Eorpach sa Bhallstát i dtrácht, tar éis di an tuairim réasúnaithe a fháil ón bpainéal roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

An 13 Iúil 2018, ghlac an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin[3], rialacha a leasaíodh ina dhiaidh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón

---

1 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1-71).

2 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO L 198, 28.7.2017, lch. 29–41

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 282, 12.11.2018, lch. 8).

gComhairle[4]. An 18 Meán Fómhair 2018, cheap an Chomhairle comhaltaí an phainéil roghnúcháin[5].

An 27 Iúil 2020, cheap an Chomhairle na chéad Ionchúisitheoirí Eorpacha in OIPE[6]. I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle, ceapadh ochtar Ionchúisitheoirí Eorpacha ar feadh tréimhse trí bliana neamh-in-athnuaite ón 29 Iúil 2020. Dá bhrí sin, ní mór ochtar Ionchúisitheoirí Eorpacha nua a chur ina n-ionad i mí Iúil 2023. Ceapfar an t-ochtar Ionchúisitheoirí Eorpacha i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1939, lena n-áirítear éisteacht os comhair an phainéil roghnúcháin.

I gcomhréir le Riail VI.2 de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin, ba cheart don phainéal roghnúcháin éisteacht a thabhairt do na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit do phost an Ionchúisitheora Eorpaigh. Ba cheart an éisteacht a reáchtáil i bpearsa. I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche a bhí ann le déanaí a bhaineann le ráig COVID-19, is gá a shoiléiriú go bhféadfaí an éisteacht a dhéanamh trí fhís-chomhdháil freisin ar chinneadh an phainéil roghnúcháin, *motu proprio*, sin nó arna iarraidh sin don iarrthóir. An riail chéanna maidir leis an éisteacht i bpearsa, ós rud é go bhfuil feidhm ag an riail sin maidir le héisteacht na n-iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh de bhun Riail VI.1, ba cheart an riail sin a leasú freisin ar mhaithe le comhsheasmhacht. Sa dá chás, más trí fhís-chomhdháil a dhéantar an éisteacht, ba cheart cead a bheith ag an bpainéal roghnúcháin breithniú a dhéanamh ar an mbealach céanna. Chuige sin, is iomchuí soiléiriú a dhéanamh i Riail IV maidir le breithniú an phainéil roghnúcháin.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo a shoiléiriú gur féidir leis an bpainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a chur faoi agallamh trí fhíschomhdháil, rud atá riachtanach nó níos éifeachtúla i gcás nach gceadaítear éisteachtaí go pearsanta nó nach bhfuil siad inmholta, agus go ndéanfar an breithniú ar an mbealach céanna dá réir sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is trí bhíthin Rialachán (AE) 2017/1939 a bunaíodh OIPE, rialachán a glacadh ar bhonn Airteagal 86 CFAE. Tríd an togra seo a chur isteach le haghaidh leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón gComhairle, tá an Coimisiún ag comhlíonadh a oibleagáidí faoi Airteagail 14(3) agus 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939. Leis an togra seo beifear in ann nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh agus na nIonchúisitheoirí Eorpacha a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil. Dá bhrí sin, tá an togra seo comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú.

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón gComhairle an 9 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 maidir le rialacha feidhmiúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 221I, 10.7.2020, lch. 1-2

[5] Cinneadh (AE) 2018/1275 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 238, 21.9.2018, lch. 92-93.

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle an 27 Iúil 2020 lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, IO L 244, 29.7.2020, lch. 18–20

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (AE) 2017/1939.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis an gComhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 a leasú ach amháin ar thogra ón gCoimisiún agus dá bhrí sin is inniúlacht eisiach í nach bhfuil faoi réir phrionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhrí sin. Tá an togra seo ríthábhachtach chun éifeachtacht agus dlíthiúlacht nósanna imeachta ainmniúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh agus na nIonchúisitheoirí Eorpacha a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 go mbunóidh an Chomhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin ar thogra ón gCoimisiún. Glacadh na rialacha oibriúcháin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle. Dá bhrí sin, is í an reachtaíocht atá ann cheana ar an ábhar seo a fhorchuirfidh rogha na hionstraime atá beartaithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

I bhfianaise chineál teicniúil an togra seo agus a thionchar an-teoranta, ní dhearnadh meastóireachtaí *ex post*, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ná measúnuithe tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I bhfianaise chineál an bhirt seo, níl aon ghá le pleananna cur chun feidhme agus faireachán ná le socruithe meastóireachta agus tuairiscithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1, leasófaí na rialacha oibriúcháin chun a shoiléiriú gur féidir leis an bpainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 a chinneadh éisteacht na n-iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh agus na nIonchúisitheoirí Eorpacha a reáchtáil trí fhís-chomhdháil freisin, bíodh sin *motu proprio* nó arna iarraidh sin don iarrthóir. Le hAirteagal 1 dhéanfaí leasú breise ar na rialach oibriúcháin d’fhonn a shoiléiriú gur i gcás ina reáchtálfar éisteacht an iarrthóra trí fhís-chomhdháil, gur féidir leis an bpainéal roghnúcháin breithniú a dhéanamh ar an mbealach céanna.

I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche a bhí ann le déanaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead éisteachtaí a dhéanamh i bpearsa, sin nó d'fhéadfadh sé nach mbeidís inmholta. Dá bhrí sin, trína shoiléiriú gur féidir leis an bpainéal roghnúcháin éisteacht leis na hiarrthóirí trí fhís-chomhdháil agus breithniú a dhéanamh ar an mbealach céanna, is é is aidhm don leasú seo éifeachtúlacht agus dlíthiúlacht nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh agus na nIonchúisitheoirí Eorpacha a áirithiú.

2022/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696, a mhéid a bhaineann le físchomhdháil a úsáid chun iarrthóirí a chur faoi agallamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')[7], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle[8], bunaíodh rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin chun an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus Ionchúisitheoirí Eorpacha a cheapadh.

(2) Le Riail VI, pointí 1 agus 2 de na rialacha oibriúcháin, foráiltear gur i bpearsa a dhéanfar éisteacht na n-iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh agus an nIonchúisitheoirí Eorpacha.

(3) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche a bhí ann le déanaí, is gá a shoiléiriú go bhféadfar na hagallaimh a chuirfidh an painéal roghnúcháin ar na hiarrthóirí sin a dhéanamh trí fhís-chomhdháil freisin ar chinneadh an phainéil roghnúcháin, bíodh sé sin *motu proprio* nó arna iarraidh sin don iarrthóir.

(4) An bealach a ndéanfar na hagallaimh, bíodh sin i bpearsa nó trí fhís-chomhdháil, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar fheidhmíocht na n-iarrthóirí. Dá bhrí sin, déanfaidh an painéal roghnúcháin gach iarracht go gcaithfear go cothrom le hiarrthóirí agus cinneadh á dhéanamh aige na hagallaimh a dhéanamh trí fhís-chomhdháil.

(5) Ní shoiléirítear i Riail IV de na rialacha oibriúcháin cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an painéal breithniú a dhéanamh trí fhís-chomhdháil. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú gur i gcás ina gcuirfear agallamh ar na hiarrthóirí trí fhís-chomhdháil, is féidir leis an bpainéal roghnúcháin breithniú a dhéanamh ar an mbealach céanna.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle a leasú dá réir,

---

[7] IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

[8] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 282, 12.11.2018, lch. 8).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 mar a leanas:

(1) i Riail IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh breithniú an phainéil roghnúcháin faoi rún agus is i seomra iata a dhéanfar é. Nuair is trí fhís-chomhdháil a dhéanfar éisteacht na n-iarrthóirí féadfaidh an painéal roghnúchán breithniú a dhéanamh tríd an modh céanna cumarsáide. Ní bheidh cruinnithe an phainéil roghnúcháin bailí ach amháin má bhíonn ar laghad naonúr comhaltaí i láthair.'

(2) i Riail VI, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Tar éis iarratais na n-iarrthóirí a fháil, déanfaidh an painéal roghnúcháin athbhreithniú ar an hiarratais i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1939, mar a shonraítear a thuilleadh san fhógra folúntais. Iarrthóirí nach gcomhlíonann na ceanglais incháilithe, déanfar iad a eisiamh ó na chéad chéimeanna eile den nós imeachta. Rangóidh an painéal roghnúcháin na hiarrthóirí a chomhlíonann na ceanglais de réir a gcáilíochtaí agus a dtaithí, ar bhonn na doiciméadachta agus na faisnéise a cuireadh ar fáil san iarratas, nó a cuireadh ar fáil tar éis iarrata de bhun Riail V. Tabharfaidh an painéal roghnúcháin éisteacht do líon leordhóthanach de na hiarrthóirí is airde rangú ionas go mbeidh sé in ann an gearrliosta dá dtagraítear i Riail VII(1) a bhunú. Is i bpearsa a dhéanfar an éisteacht, sin nó is trí fhís-chomhdháil a dhéanfar é ar chinneadh an phainéil roghnúcháin, *motu proprio* nó arna iarraidh sin don iarrthóir. Is é a bheidh d'aidhm ag an bpainéal roghnúcháin go gcaithfear go cothrom le hiarrthóirí agus cinneadh á dhéanamh aige na hagallaimh a dhéanamh trí fhís-chomhdháil.'

(3) i Riail VI, pointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Tar éis na hainmniúcháin a fháil, déanfaidh an painéal roghnúcháin athbhreithniú orthu i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939. Tabharfaidh an painéal roghnúcháin éisteacht do na hiarrthóirí a ainmníodh. Is i bpearsa a dhéanfar an éisteacht, sin nó is trí fhís-chomhdháil a dhéanfar é ar chinneadh an phainéil roghnúcháin nó arna iarraidh sin don iarrthóir. Is é a bheidh d'aidhm ag an bpainéal roghnúcháin go gcaithfear go cothrom le hiarrthóirí agus cinneadh á dhéanamh aige na hagallaimh a dhéanamh trí fhís-chomhdháil.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*